

Díleas breath do bhreith le seilbh

[McKenna, L.: *Aithdiogluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 17]

Tadhg Ó hUiginn cct

1 Díleas breath do bhreith le seilbh
im an mbreith gé do bheath sbairn
toga faidh agus sé i seilbh
gi bé dan feidhm sin ní snaidhm.

2 Breath na leabhar is lé a-tám,
is é an seanadh hé más fhíor;
gan bheith 'n-a bhun ní dleacht dúnn
nó dul ar gcúl ón reacht ríogh.

3 Taisgthir hí do chuimhne an chirt,
nocha bí acht gar mbuingne a hairc,
tairgid daoine an chóir do cheilt,
i mbeirt naoidhe is cóir an chairt.

4 Banbha Chuinn is dóibh as dual
mar as chóir don tuinn an trágh;
ná bíodh acht leanbh don fhréimh ríogh
an tsealbh ag síol Néill ní nár.

5 Sealbh na Midhe do mhuin ceirt
dearbh nach fuli ag fine Luirc
fine Néill as nuaidhe cairt
do fhréimh Airt do chuaine Cuirc.

6 Riar Gall ní ghabhadh do láimh
an Niall ór canadh clann Néill;
cubhaidh fíon i n-easgra óir,
cneasda Bóinn na ríogh ga fhréimh.

7 Ag mac Eachach do ruadh rinn
- do ba tuar deathach a dhoírr -
do bhí Éire ó thuinn go tuinn
sí ar druim a chéile ga chloinn.

8 Seacht bhfir déag oilé ar n-a huaim
do bhréag ó gach chroidhe ciaigh;
do ghabh tríocha damhna dhíbh
gan rígh tríotha Banbha Briain.

9 Ceannas Banbha na bhfiadh bhfionn
Niall, ós aga labhra leam,

do ghabh an cuingidh 's a chlann;
am tuillidh do char 'n-a gceann.

10 Sealbh arsaidh ar Éirinn óigh
gun ghasraidh chéibhfinn ó Chliaigh;
[fríoth] an cuire láimh do láimh
náir gan líoth ag duine 'n-a ndiaidh.

11 Sé d'áireamh is cóir 'n-a gceann,
re ré do báidheadh glórí ghall;
flaithghein is Gaoidhil 'n-a ghioll
faoilidh liom a aithghein ann.

12 Do chuir mian na faghla faoi
gan fhiadh mBanbha mar do bhí;
ní dímheas acht d'Éinrí é
is é as éinrí díleas dí.

13 Fada ó eachtra d'aicme Néill
an mhaicne do theachta a dtuaidh,
Midhe is ga ceineol budh chóir,
neimheol dóibh a tighe thuaidh.

14 A-táid sin i ngabhlaibh gleann
an damhraidh do chin ó Chunn
d'fhuath a bhfoirtheagh ag féin Ghall
nach roichteadh clann Néill a-nonn.

15 Rugadh uatha Teagh an Trír
is tuatha Breagh agus Bóinn
fine Néill - is doibhinn dáibh;
is béim chláir ar fhoirinn óir.

16 Síol Airt a-nallain gan neart
cairt ag Gallaibh ar an ngurt;
ní deireadh faghla ag féin chnioccht
sliocht Néill gé tharla 'n-a thocht.

17 Mac í Néill dá niamhthar fail
slat réidh as lianchar um fhleidh
a rian fa aoinfhior ní uil;
[do] iarr fuli Gaoidheal ór ghin.

18 Tiocfa rí Boirche go Bóinn
dá dtí [dhí] ar an oidhche uair
créad a-tá a-nos ar Íbh Néill
an lá tar Fhéil Cros do-chuaidh.

19 Falta úra is eagal liom

ar dreagan Dúna Dhá Bheann
dá dtí oidhre Ó Néill a-nall
ar féin Ghall go dtoibhge theann.

20 Anadh - is comhairle chóir,
gabhar ar n-oraighle uainn -
go mbé a neart ar a ní féin
rí Ó Néill gan teacht a dtuaidh.

21 Gémadh prionnsa do Thoigh Thé
an fearsa le bhfoil gach draoi
léim nocha tugtha tar thí
an rí 's gan Ulta féin faoi.

22 Do ghabh um Thealaigh an Trír
i nEamhain nír an re huaim
mac ríogh sul ráinig i gcéin
do shíol Néill táníg a dtuaidh.

23 Do sgrios Briain na mbleidheadh ndonn
nachar ceileadh i ngliaidh Ghall
- dar leis féin nochar thaom teann -
do gheall Aodh Ó Néill a-nonn.

24 "Suidhe i n-adhbha Airt," ar Aodh
"a chait ní tharla ga thuar;
lia ar gcóraíne ar cró na Niall;
Brian Báraimhe ní dó as dual."

25 Do ráidh Brian fa baoghlach neimh
go mbiadh ar aonghuth an fhir
ar gheall d'Aodh nochar í a thoil
do bhí a ghoimh don taobh as-tigh.

26 "A fhiadh nochan fhuil fa chíos,"
ar Brian "gen go gcuir i gcás;
nó go bhfaghbha a thír ar tós
ag labhra fós dínn gá dás."

27 Sluagh Uladh nar ghabh ó ghliaidh
umhal nó go rabh dá réir
[do-ug] soin a theachta a dtuaidh
nach uair theachta a-noir d'Ú Néill.

28 Eochaíd mhac Ardghail uair ghnaoi
a uaill mar do ardaigh sí
dar leis fa conchlonn d'Aodh hé
sé i gcomhthrom a-raon 's a rí.

29 "Roinn dar ghlac d'ardaibh is d'fhán
mac Ardghail acht muna aomh
nach bia sin ag Eochaíd uaim;
bir uainn go hEochaíd," ar Aodh.

30 "A rogha d'Aodh is é ar nguth"
ar an chraobh nachar chlé mbreach
"mo bheith ar a chionn san chath
nó sionn i rath leith ar leath."

31 Gontar hé - fa eochair leoin -
Eochaíd - nocha hé nar thuair -
's a lucht comtha taoibh re taoibh
le hAodh ag Craoibh Thulcha thuaidh.

32 Éinrí Ó Néill mar Niall Óg
- gan riár ní réidh a ghrúg -
dá dtara i n-aghaíd Gall nGréag
bann gurab séad samhail súd.

33 A ndearna Aodh nír fhéagh faoi
acht gér thréan do ba taom clé;
Éinrí ní uil ar a thí
suil tí a-noir budh éinrí é.

34 Slat abhla d'fheolfuil na ríogh,
mac Eoghain na n-abhra gclaoen,
an Damh Ré ó Ráth na nGiall,
do bhláth na Niall é 's na n-Aodh.

35 Do gheal méin na n-Aodh a ucht;
a ngaol re hÓ Néill do nocth;
a bhfialas re céibh na gcleacht
na seacht Néill fhiaras a fholt.

36 Art mhac Cuinn fa cridhe fial
do thuill gile a ghlac 's a ghrudadh;
is é ar n-Art d'éise an ríogh;
gart a síol na déise as dual.

37 Niall óg nachar ionghlan cré
leis nar iongnadh gach fód faoi
is léir ar neithibh do-ní
rí Ó Néill fa bheithir mBaoi.

38 Na Finn Eamhna fa fholt chlaon
fa cinn fheadhna nar olc séan;
seabhadh aille ar dteachta ón triar
Niall Caille is dá ealta an t-éan.

39 Mac Caithreach-fhíona a Tigh Thé
is ríodha do chin i gclí
leis gan fhoghail Teamhair Thé
geabhaidh sé gan fholaidh í. Díleas.